An Post Handwriting Competition

Bunscoileanna

Tá an-áthas orainn **Comórtas Lámhscríbhneoireachta An Post/INTO** a fhógairt le haghaidh 2017.

Bunscil riachtanach í an lámhscríbhneoireacht, ach déantar dearmad uirthi go minic sa ré nua dhigiteach seo. Creidimidne gur cheart ceiliúradh a dhéanamh ar an lámhscríbhneoireacht agus, dá bhrí sin, táimid ag iarraidh ar scoileanna peann (nó peann luaidhe) a chur le pár agus a scileanna lámhscríbhneoireachta a thaispeáint dúinn.

Tá ceithre chatagóir ann do bhunscoileanna.

- Catagóir 1: Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra
- Catagóir 2: Rang a hAon agus Rang a Dó
- Catagóir 3: Rang a Trí agus Rang a Ceathair
- Catagóir 4: Rang a Cúig agus Rang a Sé

Tá Catagóir Speisialta ann freisin do dhaltaí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu.

Critéir Iontrála

Catagóir 1: Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra

- Iarrtar ar na daltaí suas le 30 focal a lámhscríobh ar an teimpléad atá curtha ar fáil (is féidir é sin a íoslódáil)

Catagóir 2: Rang a hAon agus Rang a Dó

- Iarrtar ar na daltaí suas le 100 focal a lámhscríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil)

Catagóir 3: Rang a Trí agus Rang a Ceathair

- Iarrtar ar na daltaí suas le 150 focal a lámhscríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil)

Catagóir 4: Rang a Cúig agus Rang a Sé

- Iarrtar ar na daltaí suas le 250 focal a lámhscríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil)

*Catagóir Speisialta: Daltaí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu**

- Iarrtar ar na daltaí iontráil a lámhscríobh, gan aon íoslíon focal, ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil)

Caithfear gach iontráil a scríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil)

Ní mór gaol a bheith ag gach iontráil leis an téama *'Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha.'*

Is féidir cur isteach ar an gcomórtas i dteanga ar bith a scríobhtar le script Laidin-bhunaithe (Gaeilge, Béarla, Spáinnis, Fraincis, Polainnis, etc).

*Is féidir iontrálacha ar an Duais Speisialta a bhunú ar aon cheann de na téamaí seo a leanas '*Féach ar stair na hÉireann trína réada' nó 'Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha.'*

Critéir Mholtóireachta

Déanfar moltóireacht ar na hiontrálacha bunaithe ar chomh hinléite agus chomh soiléir is atá an lámhscríbhneoireacht sa saothar ar fad, agus ina dhiaidh sin breathnófar níos mine ar mhéid agus ar ionad na bhfocal agus na litreacha.

Dá bhrí sin, ba cheart

- go mbeadh an lámhscríbhneoireacht inléite
- go mbeadh spásanna rialta agus cothroma idir na focail
- go scríobhfaí na litreacha i gceart agus go mbeidís ar cóimhéid
- go dtaispeánfaí gluaiseacht agus saoráid
- go léireofaí stíl phearsanta a théann i bhfeidhm ar an léitheoir

POST anpostschoolbag.ie